**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Rialú Buiséadach*

**2018/0218(COD)**

26.11.2018

# SEASAMH I bhFOIRM LEASUITHE

ón gCoiste um Rialú Buiséadach

chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach.
(COM(2018)0394 – C8-0246/2018 – 2018/0218(COD))

Thar ceann an Choiste um Rialú Buiséadach: Tomáš Zdechovský (rapóirtéir)

## LEASUITHE

Déanann an Coiste um Rialú Buiséadach na leasuithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'The Future of Food and Farming' ('Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta') an 29 Samhain 2017, leagtar amach na dúshláin, na cuspóirí agus na treochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta ('CBT') tar éis 2020. Ar na cuspóirí seo tá, inter alia, an gá atá ann an Comhbheartas Talmhaíochta a bheith dírithe níos mó ar thorthaí a bhaint amach, ar bhorradh a chur faoin nuachóiriú agus faoin inbhuanaitheacht, lena n-áirítear inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus aeráide na limistéar talmhaíochta, foraoiseachta agus tuaithe, agus ar chuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin sin a bhíonn ar thairbhithe ar ualach é a thagann de reachtaíocht an Aontais. | (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'The Future of Food and Farming' ('Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta') an 29 Samhain 2017, leagtar amach na dúshláin, na cuspóirí agus na treochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta ('CBT') tar éis 2020. Ar na cuspóirí seo tá, *inter alia*, an gá atá ann an Comhbheartas Talmhaíochta a bheith dírithe níos mó ar thorthaí a bhaint amach, ar bhorradh a chur faoin nuachóiriú agus faoin inbhuanaitheacht, lena n-áirítear inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus aeráide na limistéar talmhaíochta, foraoiseachta agus tuaithe ***(lena n-áirítear trí fócas méadaithe ar agrafhoraoiseacht)***, ***ar chur amú bia a mhaolú agus ar oideachas maidir le nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn,*** agus ar chuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin sin a bhíonn ar thairbhithe ar ualach é a thagann de reachtaíocht an Aontais. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 2. Ós rud é gur gá faobhar a chur ar fhreagairt an Chomhbheartais Talmhaíochta do na dúshláin agus do na deiseanna de réir mar a thagann siad chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus ar leibhéal an Aontais, ní mór rialachas an Chomhbheartais Talmhaíochta a chomhchuibhiú agus an chaoi a seachadann sé cuspóirí an Aontais a fheabhsú agus an t ualach riaracháin a laghdú go suntasach. I gComhbheartas Talmhaíochta atá bunaithe ar fheidhmíocht a sheachadadh ("an tsamhail seachadta"), ba cheart don Aontas na bunpharaiméadair bheartais a shocrú, amhail cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus na bunriachtanais***, agus san am céanna ba cheart*** freagracht níos mó a bheith ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí agus a mbainfidh siad spriocanna amach. Le coimhdeacht fheabhsaithe, féadtar na dálaí agus na riachtanais áitiúla a chur san áireamh ar dhóigh níos fearr, agus ar an dóigh sin an tacaíocht a chur in oiriúint ionas go rannchuideofaí, ar an dóigh is mó is féidir, le cuspóirí an Aontais. | (2) Ós rud é gur gá faobhar a chur ar fhreagairt an Chomhbheartais Talmhaíochta do na dúshláin agus na deiseanna de réir mar a thagann siad chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus ar leibhéal an Aontais, ní mór rialachas an Chomhbheartais Talmhaíochta a chomhchuibhiú agus an chaoi a seachadann sé cuspóirí an Aontais a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú go suntasach. I gComhbheartas Talmhaíochta atá bunaithe ar fheidhmíocht a seachadadh ('an tsamhail seachadta'), ***agus aird á tabhairt ar an gcuspóir ioncam inbhuanaithe a chur ar fáil do tháirgeoirí, agus é ina phríomhfhócas,*** ba cheart don Aontas na bunpharaiméadair bheartais a shocrú, amhail cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus na bunriachtanais**.** Bíonn freagracht níos mó ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí agus a mbainfidh siad spriocanna amach. Le coimhdeacht fheabhsaithe, féadtar na dálaí agus na riachtanais áitiúla a chur san áireamh ar dhóigh níos fearr, agus ar an dóigh sin an tacaíocht a chur in oiriúint ionas go rannchuideofaí, ar an dóigh is mó is féidir, le cuspóirí an Aontais. |

*Réasúnú*

*Cé go bhféadfaí níos mó neamhspleáchais a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a leithdháileann siad maoinithe CBT, tá córas míchothrom limistéarbhunaithe fós in úsáid ag cuid díobh, gan aon chuntas orthu siúd is mó ar an anás, na feirmeoirí níos lú.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba chóir modhnú a dhéanamh ar na rialacha lena ndéanann na Ballstáit rangú ar chineál na gcaor fíniúna ionas go | (9) Ba chóir modhnú a dhéanamh ar na rialacha lena ndéanann na Ballstáit rangú ar chineál na gcaor fíniúna ionas go |

| | |
|---|---|
| dtabharfaí san áireamh iontu na cineálacha caor fíniúna Noah, Othello, Isabelle, Jacquez, Clinton agus Herbemont, cineálacha nach raibh san áireamh cheana. Chun a áirithiú gur i méad a rachaidh an fhriotaíocht in aghaidh galair a bhaineann le táirgeadh an fhíona san Aontas agus chun a áirithiú go n úsáidfear sa táirgeadh sin cineálacha fíniúna a bheidh in oiriúint níos fearr do na hathruithe ar dhálaí aeráide, ba chóir foráil a dhéanamh lena gceadófaí na cineálacha Vitis Labrusca agus cineálacha ó chrosáil Vitis vinifera, Vitis Labrusca le spéicis eile den ghéineas Vitis a phlandáil le haghaidh fíon a tháirgeadh san Aontas. | dtabharfaí san áireamh iontu na cineálacha caor fíniúna *Noah*, *Othello*, *Isabelle*, *Jacquez*, *Clinton* agus *Herbemont*, cineálacha nach raibh san áireamh cheana. Chun a áirithiú gur i méad a rachaidh an fhriotaíocht in aghaidh galair a bhaineann le táirgeadh an fhíona san Aontas agus chun a áirithiú go n-úsáidfear sa táirgeadh sin cineálacha fíniúna a bheidh in oiriúint níos fearr do na hathruithe ar dhálaí aeráide, ba chóir foráil a dhéanamh lena gceadófaí na cineálacha *Vitis Labrusca* agus cineálacha ó chrosáil *Vitis vinifera*, *Vitis Labrusca* le speicis eile den ghéineas *Vitis* a phlandáil le haghaidh fíon a tháirgeadh san Aontas. ***Níor cheart aon fhoráil a dhéanamh, áfach, do chineálacha géinmhodhnaithe.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 61 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) in Airteagal 61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo, ***beidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2030, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú meántéarma*** chun meastóireacht a dhéanamh ar oibriú ***na scéime*** agus, más iomchuí, tograí a dhéanamh. | ***Déanfaidh an Coimisiún*** scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo ***a athbhreithniú sa bhliain 2030***, chun meastóireacht a dhéanamh ar ***a hoibriú*** agus, más iomchuí, tograí a dhéanamh ***chun feabhas a chur ar a héifeachtúlacht***.’ |

*Réasúnú*

*Leis an athchóiriú in 2013, is sásúil tabhairt isteach scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha, a tháinig isteach in ionad scéim na gceart plandála. Ba cheart go gcuirfear an scéim i bhfeidhm ar bhonn buan, agus an ceanglas meastóireachta a choinneáil chun go n-éascófaí a feabhsaithe más gá. Tá tréimhse leordhóthanach ann idir an dáta meastóireachta a roghnaíodh agus an chéad tréimhse oibriúcháin eile chun go bhféadfar*

*torthaí na meastóireachta a chur san áireamh in ullmhúchán na tréimhse sin.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 226 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach leis:*** |
| | ***Airteagal 226a*** |
| | ***Creat feidhmíochta*** |
| | ***1. Cuirfidh an Coimisiún creat feidhmíochta i bhfeidhm chun tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an phlean bainistithe géarchéime le linn a chur chun feidhme.*** |
| | ***2. Áireofar sa chreat feidhmíochta na heilimintí seo a leanas:*** |
| | ***(a) sraith chomhchoiteann de tháscairí comhthéacs, aschuir, torthaí agus tionchair ar a mbeidh an faireachán agus meastóireacht agus tuairisciú bliantúil feidhmíochta bunaithe;*** |
| | ***(b) spriocanna agus garspriocanna arna mbunú le haghaidh na gcuspóir sonracha ábhartha trí tháscairí toraidh a úsáid;*** |
| | ***(c) bailiú sonraí, stóráil agus tarchur;*** |
| | ***(d) tuarascálacha feidhmíochta bliantúla ar an bplean bainistithe géarchéime do gach ceann de na haschuir dá ndéantar difear i rith na bliana;*** |
| | ***(e) tomhais maidir le cuíchóiriú féideartha in úsáid fhoriomlán an Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta*** |
| | ***3. Is éard is aidhm leis an gcreat feidhmíochta:*** |

***(a) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach AE maidir le CBT;***

***(b) tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le húsáid na sainchumas arna dtabhairt don Choimisiún i ndáil le cosc agus bainistiú géarchéime;***

***(c) imeacht ón loighic a úsáidtear faoi láthair do chaiteachas an Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta;***

***(d) cur chuige frith-thimthriallach a chothú i dtreorú margaí talmhaíochta agus ioncam, lena mbaineann rialálaí na hearnála talmhaíochta, i.e. an Coimisiún, úsáid optamach as cistí poiblí mar fhreagairt ar thimthriallta eacnamaíocha, teagmhais aeráide, teannas geopholaitiúil.***

*Réasúnú*

*Déantar achoimre leis sin ar Airteagal 91 agus Airteagal 113 den dréachtrialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha; ní mór do na Ballstáit a roghanna, maille le húdar cuí leis na roghanna sin, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún a straitéis chun déileáil le géarchéimeanna a shainiú d'fhonn tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle. Tá soiléiriú a straitéise ina réamhriachtanas ionas gur féidir leis na Ballstáit a gcuid tosaíochtaí a bhunú.*